



AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

Tá Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i gceannas ar an iniúchóireacht ar chúrsaí airgid AE. Ag gníomhú di mar iniúchóir seachtrach AE, rannchuidíonn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le bainistiú airgeadais AE a fheabhsú agus feidhmíonn sí mar chaomhnóir neamhspleách maidir le leasanna airgeadais shaoránaigh an Aontais.

BUNÚS DLÍ

Airteagail 285 go 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

STRUCHTÚR

A. Comhaltaí

1. Líon

Comhalta amháin in aghaidh an Bhallstáit (le Conradh Nice rinneadh staid nach raibh ann cheana ach an nós imeachta aitheanta a chur ar bhonn foirmiúil), dá bhrí, sin tá 28 gcomhalta ann faoi láthair.

2. Ceanglais

Ní mór do chomhaltaí na Cúirte:

- a bheith mar chomhalta nó mar iarchomhalta ina dtír féin de chomhlachtaí seachtracha iniúchóireachta, nó cáilíocht speisialta a bheith acu le haghaidh na hoifige sin;
- a léiriú nach bhfuil a neamhspleáchas in amhras.

3. Nós imeachta ceapacháin

Déantar comhaltaí na Cúirte a cheapadh ar na bealaí seo a leanas:

- ag an gComhairle, trí thromlach cáilithe;
- ar mholadh ó gach Ballstát maidir lena shuíomh féin;
- tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

B. Téarma oifige

1. Fad an téarma

Téarma sé bliana, is féidir a athnuachan. Is é trí bliana téarma oifige an Uachtaráin, téarma is féidir a athnuachan.



2. Stádas

Tá na pribhléidí agus na díolúintí céanna ag Comhaltaí agus atá ag breithiúna na Cúirte Breithiúnais.

3. Dualgais

Ní mór do Chomhaltaí a bheith 'neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna'. Ciallaíonn sé sin:

- ní ceadmhach dóibh teagasc a lorg ná a ghlacadh ó aon fhoinsé sheachtrach;
- ní mór dóibh staonadh ó aon ghníomh atá ar neamhréir lena gcuid dualgas;
- ní ceadmhach dóibh tabhairt faoi aon ghníomhaíocht ghairmiúil eile, bíodh sí le pá nó ná bíodh;
- má sháraíonn siad na coinníollacha sin, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais iad a chur as oifig.

C. Eagraíocht

Déanann an Chúirt a hUachtarán a thoghadh as measc a cuid Comhaltaí le haghaidh téarma in-athnuaite trí bliana.

Déanann an Chúirt í féin a eagrú ina cúig dhlísheomra a bhfuil freagracht ar gach ceann acu as réimsí sonracha caiteachais agus as ioncaim. Tá dhá réimse freagrachta ar gach Dlísheomra: ar an gcéad dul síos, tuarascálacha speisialta, tuarascálacha bliantúla sonracha agus tuairimí sonracha a ghlacadh; ar an dara dul síos, dréachtbharúlacha a ullmhú le haghaidh na dtuarascálacha bliantúla ar bhuiséad ginearálta AE agus ar an gCiste Eorpacha Forbraíochta, agus dréacht-tuairimí a ullmhú lena n-íomláine ag an gCúirt.

Tá dhá choiste chothrománacha ag gabháil leis na Dlísheomraí:

- Coiste an Rialaithe Cáilíochta Iniúcháireachta, a bhíonn ag deileáil le beartais iniúcháireachta, caighdeáin agus modheolaíocht, tacaíocht agus forbairtí iniúcháireachta agus rialú cáilíochta iniúcháireachta na Cúirte; agus
- an Coiste Riaracháin, a bhíonn ag deileáil le gach ábhar agus cinneadh riaracháin maidir le cúrsaí cumarsáide agus straitéise.

CUMHACHTAÍ

A. Iniúchtaí na Cúirte

1. Réimse freagrachta

Cuimsíonn cúraimí na cúirte scrúdú a dhéanamh ar aon chuntais ioncaim nó chaiteachais de chuid an Aontais Eorpaigh nó de chuid aon chomhlachta de chuid AE. Déanann sí a cuid iniúchtaí chun cinnteacht réasúnta a fháil maidir leis na nithe seo a leanas:

- iontaofacht chuntais bhliantúla an Aontais Eorpaigh;
- dlíthiúlacht agus rialacht na mbun-idirbheart; agus
- fíontacht na bainistíochta airgeadais.



2. Modhanna iniúchóireachta

Tá iniúchadh na Cúirte leanúnach; is féidir é a dhéanamh roimh dhúnadh na gcuntas don bhliain airgeadais atá i dtrácht. Tá sé bunaithe ar thaifid agus is féidir é a dhéanamh freisin ar an láthair:

- In institiúidí AE;
- in aon chomhlacht a dhéanann ioncam nó caiteachas a bhainistiú thar ceann AE;
- in áitreabh aon duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a fhaigheann íocaíochtaí ó bhuiséad AE.

Sna Ballstáit déantar an t-iniúchadh in idirchaidreamh leis na comhlachtaí nó ranna náisiúnta inniúla. Tá sé de cheangal ar na comhlachtaí sin a chur ar aghaidh chuig an gCúirt aon doiciméad nó faisnéis a mheasann sí is gá chun a cúram a chomhlíonadh.

Níl aon chumhachtaí imscrúdaitheacha ag an gCúirt. Dá bhrí sin, déanann sí cásanna éillithe agus mí-úsáide cistí ag lucht na coireachta eagraithe a thuirisciú chuig an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), a dhéanann na cásanna sin a imscrúdú ina dhiaidh sin.

3. Sainchumais eile

I ndiaidh di a cuid iniúchtaí a dhéanamh, déanann an Chúirt Ráiteas bliantúil Urrúis (ar a dtugtar ‘DAS’, ón bhFraincis ‘déclaration d’assurance’) a thabhairt don Pharlaimint agus don Chomhairle maidir le hiontaofacht na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart. Foilsíonn an Chúirt na nithe seo a leanas:

- Tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme bhuiséad AE do gach bliain airgeadais, lena n-áirítear an Ráiteas Urrúis, a chuireann sí ar aghaidh chuig institiúidí AE agus a fhoilsíonn sí san Iris Oifigiúil mar aon le freagraí na n-institiúidí ar bharúlacha na Cúirte;
- Ráiteas Urrúis maidir leis an gCiste Eorpach Forbraíochta (CEF);
- Tuarascálacha speisialta maidir le topaicí a mheastar gur díol spéise ar leith iad, go háirithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistiú fóna airgeadais;
- Tuarascálacha bliantúla sonracha maidir le comhlachtaí AE;
- Foilseacháin athbhreithniú-bhunaithe:
 - athbhreithnithe lánléargais, ina ndéantar breithniú ar théamaí leathana maidir le saincheisteanna a bhaineann go díreach le cúraimí na Cúirte, ar bhonn a taighde agus na taithí ar fad atá faighte aici,
 - páipéir faisnéisithe, i.e. doiciméid tuairisciúla agus anailíse maidir le beartas nó bainistiú ina ndírítear aird ar ábhair ar leith, agus
 - athbhreithnithe tapa cáis atá dírithe go grinn ar shaincheisteanna sonracha nó ar fhadhbanna sonracha.



B. Cumhachtaí comhairleacha

I gcomhréir le hAirteagal 278(4) CFAE, féadfaidh institiúidí eile a tuairim a iarradh ar an gCúirt aon uair a mheasann siad gurb iomchuí déanamh amhlaidh. Tá tuairim na Cúirte éigeantach nuair a dhéanann an Chomhairle:

- rialacha airgeadais a ghlacadh lena sonraítear an nós imeachta chun an buiséad a bhunú agus a chur chun feidhme agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh;
- modhanna agus an nós imeachta a chinneadh lena ndéantar acmhainní an Aontais Eorpaigh féin a chur ar fáil don Choimisiún;
- rialacha a leagan síos i dtaobh na freagrachta atá ar rialtóirí airgeadais, oifigigh údaráis agus oifigigh chuntais; nó
- bearta frithchialaoise a ghlacadh.

RÁITEAS URRÚIS AGUS RÁTA EARRÁIDE

Tá tuairim ghlan tugtha ag na hiniúcháirí i leith iontaofacht chuntais AE 2017, nó tá siad tar éis a 'n-ainm a chur leo', mar ab amhlaidh an cás i gach bliain ó 2007 i leith. Bhí an t-ioncam in 2017 saor ó earráid ábhartha.

Bhí cuid mhaith de chaiteachas 2017 saor ó earráid ábhartha freisin. Dá bhrí sin, don dara bliain as a chéile, d'eisigh an Chúirt tuairim choinníollacha (seachas tuairim dhíobhálach) maidir le rialacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais (is é sin an dara huair ó thosaigh an Chúirt ráiteas bliantúil urrúis a éisiúint in 1994.) Ar an iomlán, tá feabhsú suntasach léirithe thar na deich mbliana seo caite: idir 2006 agus 2011, d'éirigh leis an gCoimisiún bainistíocht airgeadais a fheabhsú, agus an ráta earráide a laghdú ó 7 % in 2006 go dtí 3.9 % in 2011. Cé gur ardaigh an ráta earráide go 4.8 % in 2012, tá feabhas ag teacht air gach bliain uaidh sin: 4.7% (2013), 4.4% (2014), 3.8% (2015), 3.1% (2016), agus ar deireadh, 2.4% in 2017.

Ina tuarascáil bhliantúil in 2017, chuir an Chúirt in iúl go bhfuil fadhbanna áiríthe ann fós, go háirithe i gcás ina ndéantar íocaíocht ó bhuiséad AE le tairbhíthe bunaithe ar ráitis na gcostas a thabhaigh siad roimhe sin, amhail i bhforbairt tuaithe agus i gcomhtháthú. I gcás cuid de na hearráidí a aimsíodh, mar shampla, sna híocaíochtaí forbartha tuaithe, ba leor an fhaisnéis a bhí ar fáil chun na hearráidí sin a chosc nó chun iad a brath agus a cheartú, agus d'fhéadfadh sé go mbeifí in ann leibhéil earráidí faoi bhun an tairseach 2 % a bhaint amach le haghaidh cuid níos mó de bhuiséad AE. Chuir an Chúirt in iúl freisin go bhfuil acmhainneacht ann fós don Choimisiún faisnéis a fheidhmíochta féin a úsáid ar bhealach níos fearr ó thaobh na cinnteoireachta de agus cultúr inmheánach a fhorbairt a bheadh níos dírithe ar an bhfeidhmíocht.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bunaíodh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa in 1977 ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa. Rinneadh institiúid iomlán AE di in 1993. Ó shin i leith, tá sí ag tabhairt cúnamh don Pharlaimint agus don Chomhairle le linn dóibh a ról a fheidhmiú chun cur chun feidhme an bhuiséid a rialú.



Tá an tuarascáil bhliantúil agus na tuarascálacha speisialta mar bhonn d'fheidhmiú bliantúil urscaoilte na Parlaiminte, ar feidhmiú é a ndéanann an Pharlaimint measúnú polaitiúil ar thuarascálacha na Cúirte lena linn. Tugtar cuireadh do Chomhaltaí na Cúirte a dtuarascálacha a thíolacadh i gcruinnithe coiste agus freagraí a thabhairt ar na ceisteanna a chuireann na Feisirí.

Gach bliain bíonn roinnt cruinnithe ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus Choiste na Parlaiminte um Rialú Buiséadach (CONT) ag a ndéanann comhaltaí CONT plé le Comhaltaí na Cúirte maidir lena dtosaíochtaí polaitiúla, clár oibre blianta na Cúirte, mionsonraithe maidir le comhar, etc. Tugann an Pharlaimint moltaí freisin maidir leis na saincheisteanna sin ina a cuid rún maidir le hurscaoileadh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go mbíonn éisteachtaí ar siúl ag CONT chun Comhaltaí ainmnithe na Cúirte a cheistiú. Ina theannta sin, cabhraíonn saineolas na Cúirte leis na Feisirí agus reachtaíocht maidir le cúrsaí airgeadais á dréachtú acu.

Rudolfs Verdins
05/2019

